Aṁráinín a ċuir Marion Gunn ċuig GAELIC-L. (Foinse: Diarmaid Ó Muiriṫe, *An tAṁrán Macarónaċ*, Baile Áṫa Cliaṫ: An Clóċoṁar Tta, 1980.) Léiríonn an téacs seo aicme na bfoireann Gaelaċ coincréiteaċ. (This text demonstrates the Concrete Irish family of founts.)

Éist liom go fóill, a ṁuirnín ó,   And hear my story true,
Bíonn daoine a' rá 's a' tráċt gaċ lá   That I'm in love with you.
Gur é do ġlór ró-binn, a stór,   My theme by night and day;
Ó ní neosfainn féin gur fíor an scéal,   But that's what the people say.

Dá bfaiġinnse cáil is clú gan smál   And acres broad and free;
Dá bfaiġinnse ór is ardonóir   And ships upon the sea—
B'ḟearr liom ná iad, a rúin mo ċroí,   Your smile to light my way,
Gaċ uile lá, a ṁíle grá,   Well—that's what the people say.

Is é deirtear fós, a ċailín ċóir,   That you have love for me;
'S dúirt bean inné go ndúirt bean léi   That you my bride will be.
A rúin mo ċléiḃ, a ċuid den tsaol,   My light and hope alway;
Ó cuir do láṁ im' láiṁ, a ġrá,   And say what the people say!